2) Ordaítear do dennree GmbH na costais a íoc.

(1) IO C 471, 22.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 13 Iúil 2022 – TL v an Coimisiún**

**(Cás T-677/21)** (1)

***(Státseirbhís – Foireann shealadach – Tuarascáil mheastóireachta le haghaidh 2019 – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid fhollasach mheasúnaithe – Cuspóirí a leagan síos – Mí-úsáid cumhachtaí – Dliteanas)***

(2022/C 359/87)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* TL (ionadaithe: L. Levi agus N. Flandin, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Brauhoff agus L. Hohenecker, i gcáil Gníomhairí)

### Ábhar

Lena caingean de bhun Airteagal 270 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfar a cuid tuarascáil mheastóireachta le haghaidh 2019 a neamhniú nó, mar mhalairt air sin, go ndéanfar í a neamhniú go páirteach agus, a mhéid is gá, an cinneadh ó údarás an Choimisiúin Eorpaigh a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích an 8 Iúil 2021 lena ndéantar a gearán a dhíbhe faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh i gcoinne na tuarascála sin, agus, ar an dara dul síos, ar chúiteamh as an damáiste morálta a d'fhulaing an t-iarratasóir mar gheall ar neamhdhleathacht na tuarascála sin.

### An chuid oibríochtúil

1) Déantar an chaingean a dhíbhe.

2) Ordaítear do TL na costais a íoc.

(1) IO C 502, 13.12.2021.

---

**Ordú na Cúirte Ginearálta an 21 Iúil 2022 – Fersher Developments agus Lisin v an Coimisiún agus BCE**

**(Cás T-200/18)** (1)

***(Caingean le haghaidh damáistí – Beartas eacnamaíoch agus airgeadaíochta – Clár Tacaíochta Cobhsaíochta na Cipire – Meabhrán Tuisceana an 26 Aibreán 2013 maidir le coinníollacha sonracha beartais eacnamaíoch a tugadh i gcrích idir an Chipir agus an Sásra Cobhsaíochta Eorpach – Dlínse na Cúirte Ginearálta – Sárú tromchúiseach leordhóthanach ar riail an dlí lena dtugtar cearta do dhaoine aonair – Cóir chomhionann – Prionsabal na comhréireachta – Caingean nach bhfuil aon bhunús dlí ann go follasach)***

(2022/C 359/88)

*Teanga an cháis: an Béarla*

### Páirtithe

*Iarratasóirí:* Fersher Developments LTD (an Niocóis, an Chipir), Vladimir Lisin (Lipetsk, Rúis) (ionadaí: R. Nowinski, Dlíodóir)

*Cosantóirí:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: L. Flynn, T. Materne agus S. Delaude, i gcáil Gníomhairí), an Banc Ceannais Eorpach (ionadaithe: O. Heinz, P. Papapaschalis, G. Várhelyi agus M. Szablewska, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó H.-G. Kamann, Dlíodóir)

### Ábhar

Trína gcaingean faoi Airteagal 268 CFAE, iarrann na hiarratasóirí cúiteamh as díobháil a rinneadh dóibh mar thoradh ar chinneadh an Choimisiúin agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) chun saoráid cúnaimh airgeadais a dheonú do Phoblacht na Cipire faoi réir coinníollacha áirithe.

### An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Ordaítear do Fersher Developments LTD agus Vladimir Lisin na costais a íoc.

---

([1]) IO C 211, 18.6.2018.

---

## Ordú na Cúirte Ginearálta an 25 Iúil 2022 – Armadora Parleros v an Coimisiún

**(Cás T-254/21)** ([1])

***(Dliteanas neamhchonarthach – An Comhbheartas Iascaigh – Mainneachtain an Choimisiúin a chumhachtaí rialaithe a fheidhmiú a chumhdaítear leis an reachtaíocht is infheidhme – Cumhacht innill bád – Sárú atá tromchúiseach go leor ar riail dlí lena dtugtar cearta do dhaoine aonair – Damáiste – Nasc cúisíoch – Tréimhse theorann – Gníomhaíocht do-ghlactha go follasach)***

(2022/C 359/89)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

### Páirtithe

*Iarratasóir:* Armadora Parleros, SL (Santa Eugenia de Ribeira, an Spáinn) (ionadaí: J. Navas Marqués, Dlíodóir)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: M. Morales Puerta agus K. Walkerová, i gcáil Gníomhairí)

### Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 268 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar chúiteamh i leith damáiste a rinneadh dó mar gheall ar an gcaillteanas brabúis a bhain dó mar thoradh ar chliseadh innill a shoitheach iascaireachta, *Vianto Tercero*, in 2005. Cuireann sé i leith an chúis atá leis an gcliseadh innill sin maoirseacht lochtach an Choimisiúin ar an bhfaireachán a rinne Ríocht na Spáinne ar rialacha an chomhbheartais iascaigh i limistéar iascaigh farraige Chantabrian Thiar Thuaidh. De réir an iarratasóra, ba é ró-úsáid an innill ba chúis leis an gcliseadh innill toisc go raibh an t-iarratasóir neamhchosanta ar iomaíocht éagórach ó shoithí iascaireachta a bhfuil cumhacht innill acu de bhreis ar an gcumhacht cheadaithe.

### An chuid oibríochtúil

1) Diúltaítear don chaingean as bheith do-ghlactha go follasach agus go follasach gan bhunús sa dlí.

2) Ordaítear do Armadora Parleros SL na costais a íoc.

---

([1]) IO C 252, 28.6.2021.